# Foraithne Rialtais

**lena leasaítear Roinn 1b den Fhoraithne maidir le hAirm Thine (145/1998)**

Le cinneadh ón Rialtas,

Leasaítear Roinn 1b den Fhoraithne maidir le hAirm Thine (145/1998), arna leasú le Foraithne 572/2011, *mar* a leanas:

Roinn 1b

*Marcálacha a ghreamú*

Maidir le marcáil mhonaraíochta, fhorlíontach agus iompórtála airm tine dá dtagraítear in alt 110a d'Acht na nArm Tine (1/1998), glactar leis freisin go raibh sé greamaithe ar áit infheicthe más féidir í a léamh ó arm tine a díchóimeáladh chun críche cothabhála arna déanamh ag úsáideoir.

Greamófar an mharcáil trí úsáid a bhaint as carachtair Laidineacha agus uimhreacha Arabacha agus doimhneacht 0.0762 milliméadar ar a laghad agus airde 1.6 milliméadar ar a laghad i gceist. D'fhéadfaí marcáil ar chomhpháirt airm tine a ghreamú trí úsáid a bhaint as carachtair agus as uimhreacha atá níos lú ná 1.6 milliméadar más gá e sin mar gheall ar mhéid beag na comhpháirte.

I gcás glacadóirí neamh-mhiotail, greamófar an mharcáil ar phláta miotail atá leabaithe go buan in ábhar an ghlacadóra ar bhealach nach féidir an pláta a bhaint go héasca, agus scriosfadh an bhaint cuid den ghlacadóir.

Is é FI an cód tíre Fionlannach le haghaidh na marcála iompórtála.

---

Tiocfaidh an fhoraithne seo i bhfeidhm an [dáta] [mí] 20xx.

Heilsincí xx xx 20xx

Aire ar... Céadainm Sloinne

Teideal Céadainm Sloinne